# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2018

# Aistriúchán
# Ar Scéim Mharcála

# An Pholaitíocht agus an tSochaí

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.

- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.

- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.

- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile etc.

Is é atá i gceist i nós imeachta na marcála:

- Na freagraí go léir a léamh go cúramach agus anailís chúramach a dhéanamh orthu.

- Marcanna a shannadh do na comhpháirteanna de réir na scéime marcála.

**Marcanna as comhleanúnachas**

Ar bhonn na nithe seo a leanas a bhronnfar na marcanna as comhleanúnachas: struchtúr, eagrú na ndearcthaí agus na dtuairimí, comhleanúnachas, fócas, comhthéacs agus soiléire an fhreagra.

## ROINN A

### Ceist 1

**100 marc**

15 × 5 marc, agus 3 mharc breise le bronnadh ar gach ceann de na chéad 5 mhír ar ar bronnadh an marc is airde, agus 2 mharc le bronnadh ar gach ceann den dara 5 mhír ar ar bronnadh an marc is airde, rud is ionann agus [(5 × 8) + (5 × 7) + (5 × 5)].

**(a) Dhá ghrúpa nach bhfuil dóthain ionadaíochta acu** **5 mharc**

| | |
|---|---|
| An chéad ainm | 2M |
| Míniú | 1M |
| Neamhábhartha | 0M |
| | |
| An dara hainm | 1M |
| Míniú | 1M |
| Neamhábhartha | 0M |

**(b) (i)** Tá an Chúirt **Eorpach um Chearta an Duine** freagrach as a chinntiú go gcuirtear an Coinbhinsiún Eorpach um Chearta an Duine (ECHR) chun feidhme. **1 mharc + 1 mharc**

**(b) (ii) Cén fáth a dtabharfaí cás os comhair an ECHR?** **3 mharc**

Fáth bailí amháin / sampla de chás / sárú cheart de chuid an duine

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3M |
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

**(c) Ról an Ombudsman do Leanaí** **5 mharc**

| | | |
|---|---|---|
| Pointe | Cur síos an-mhaith | 4 - 5M |
| | Cur síos maith | 2 - 3M |
| | Cur síos réasúnta | 0 - 1M |

**(d) (i) Dhá eagraíocht chearta daonna** **1 mharc + 1 mharc**

| | |
|---|---|
| An chéad ainm | 1M |
| An dara hainm | 1M |

**(d) (ii) Cur síos ar eagraíocht chearta daonna** **3 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3M |
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

**(e) (i) An dá náisiúntacht neamh-Éireannacha ba mhó** **1 mharc**

Ní mór an dá náisiúntacht neamh-Éireannacha a ainmniú 1M

**(e) (ii) Láidreacht amháin agus teorainn amháin a bhaineann le sonraí daonáirimh**
**2 mharc + 2 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

**(f) An comhlacht Eorpach a dhéanann ionadaíocht thar ceann na saoránach trí na FPE?**
**5 mharc**

| | |
|---|---|
| Parlaimint na hEorpa | 5M |
| Tic le dhá fhreagra | 0M |

**(g) Easumhlaíocht shibhialta a mhíniú** **3 mharc**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 3M |
| Míniú maith | 2M |
| Míniú réasúnta | 1M |
| Míniú neamhábhartha | 0M |

**Sampla** **2 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

**(h) Trí shlí a dtéann an t-athrú aeráide i bhfeidhm** **2 mharc + 2 mharc + 1 mharc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cur síos maith | 2M | | |
| Cur síos réasúnta | 1M | Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M | Cur síos neamhábhartha | 0M |

**(i) Patrarcacht** **3 mharc**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 3M |
| Míniú maith | 2M |
| Míniú réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

**Sampla** **2 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

**(j) Cinedhíothú** **3 mharc**

| | |
|---|---|
| Míniú an-mhaith | 3M |
| Míniú maith | 2M |
| Míniú réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

**Sampla** **2 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

**(k) An ról atá ag comhlachtaí nó grúpaí sa tsochaí sibhialta** **3 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3M |
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

**Ainm** **2 mharc**

**(l) Dhá fheidhm atá ag Dearbhú na Náisiún Aontaithe maidir leis an gCeart chun Forbartha**
**3 mharc + 2 mharc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3M | | |
| Cur síos maith | 2M | Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M | Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M | Cur síos neamhábhartha | 0M |

**N.B. Má bhronntar 2M nó níos lú as an gcéad chur síos, marcáil an dara cur síos as 3M**

**(m) Dhá chúis a bhfuil freagracht shóisialta ar na meáin** **3 mharc + 2 mharc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3M | | |
| Cur síos maith | 2M | Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M | Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M | Cur síos neamhábhartha | 0M |

**N.B. Má bhronntar 2M nó níos lú as an gcéad chur síos, marcáil an dara cur síos as 3M**

**(n) Míniú ar cheart 'teoranta'** **3 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3M |
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

**Sampla** **2 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

**(o) (i) Sonraí cainníochtúla** **1 mharc**

**(o) (ii) Dhá chúis ar taifeadadh an líon ba mhó básanna i measc iriseoirí teilifíse**
**2 mharc + 2 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

**(p) Dhá phointe – seasamh ar an eite dheas sa pholaitíocht** **3 mharc + 2 mharc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3M | | |
| Cur síos maith | 2M | Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M | Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M | Cur síos neamhábhartha | 0M |

**N.B. Má bhronntar 2M nó níos lú as an gcéad chur síos, marcáil an dara cur síos as 3M**

**(q) Gníomhartha chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú** **2 mharc + 2 mharc + 1 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M |

**N.B. Má bhronntar 2M nó níos lú as an gcéad chur síos, marcáil an dara / tríú cur síos as 3M**

**(r) Ceart ar oideachas** **5 mharc**

| | | | |
|---|---|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3M | | |
| Cur síos maith | 2M | Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 1M | Cur síos réasúnta | 1M |
| Cur síos neamhábhartha | 0M | Cur síos neamhábhartha | 0M |

**N.B. Má bhronntar 2M nó níos lú as an gcéad chur síos, marcáil an dara cur síos as 3M**

**(s) Naoi bhforas idirdhealaithe** **2 mharc + 1 mharc + 1 mharc + 1 mharc**

Ní mór gach foras acu a shainaithint go soiléir le lánmharcanna a fháil

**(t) Ráitis atá Fíor nó Bréagach** **2 mharc + 2 mharc + 1 mharc**

**(i)** Fíor

**(ii)** Fíor

**(iii)** Fíor

## ROINN B

**Ceist 2** **50 marc**

**(a) An dá chúis is coitianta le daoine a bheith gan dídean** **10 marc**

Dhá cheann ar bith díobh seo:

- An réadmhaoin a bheith tarraingthe siar ó earnáil phríobháideach na tithíochta ar cíos
- An tiarna talún ag díol an tí.
- An tiarna talún ag bogadh isteach / ag tabhairt na réadmhaoine do dhuine muinteartha.
- An cíos ró-ard.
- An léas gan a bheith á athnuachan.

**Dhá chúis: 5 mharc (× 2)**

| | |
|---|---|
| Freagra an-mhaith | 4 - 5M |
| Freagra maith | 2 - 3M |
| Freagra réasúnta | 0 - 1M |

**(b) Cén fáth a ndéanann Focus Ireland an suirbhé seo gach trí mhí?** **5 mharc**

Chun go dtiocfaidh treochtaí agus patrúin chun solais a chuirfidh lenár dtuiscint ar na nithe is cúis le teaghlaigh a bheith gan dídean thar thréimhse ama.

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 4 - 5M |
| Cur síos maith | 2 - 3M |
| Cur síos réasúnta | 0 - 1M |

**(c) Cén céatadán a bhí san aoisghrúpa 18-30 bliain?** **5 mharc**

Freagra: 24%

**(d) An chúis nach dtugann seo ach cuid den phictiúr?** **5 mharc**

Ní thugann Doiciméad B ach cuid den phictiúr mar staid dhinimiciúil a bhíonn ag síorathrú is ea an codladh amuigh, ina gcaitheann roinnt daoine tréimhsí fada ag codladh amuigh agus roinnt eile anois is arís.

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 4 - 5M |
| Cur síos maith | 2 - 3M |
| Cur síos réasúnta | 0 - 1M |

**(e) Sainaithin dhá phríomhdhifríocht idir Doiciméad A agus Doiciméad B, agus cuir síos orthu.**
**10 marc**

Dírítear i nDoiciméad A ar na cúiseanna a mbíonn daoine gan dídean
Le teaghlaigh is mó a dhéileálann Doiciméad A

Dírítear i nDoiciméad B ar na daoine a chodlaíonn amuigh i mBaile Átha Cliath
Daoine aonair is ea iad sin de ghnáth

**Dhá dhifríocht: 5 mharc (× 2)**

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 4 - 5M |
| Cur síos maith | 2 - 3M |
| Cur síos réasúnta | 0 - 1M |

**(f) An bhfuil éigeandáil ann i gcás easpa dídine in Éirinn?** **15 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 12 - 15M |
| Cur síos maith | 8 - 11M |
| Cur síos réasúnta | 3 - 7M |
| Cur síos lag | 0 - 2M |

**Ceist 3** **40 marc**

**(a) Dhá phríomhphíosa eolais** **8 marc**

**Dhá phíosa eolais: 4 mharc (× 2)**

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3 - 4M |
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 0 - 1M |

- A fháil amach cá raibh daoine ina gcónaí sula raibh siad gan dídean.
- Na príomhthosca ba chúis le cailleadh na tithíochta acu.

**(b) Dhá láidreacht agus dhá theorainn** **16 mharc**

**Dhá láidreacht: 4 mharc (× 2)**

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3 - 4M |
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 0 - 1M |

- Comhrá díreach leis na teaghlaigh atá gan dídean.
- An comhrá a bheith ann gar don ócáid le go mbeidh cuimhne mhaith ar ar tharla.

**Dhá theorainn: 4 mharc (× 2)**

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3 - 4M |
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 0 - 1M |

- Ní bhítear aghaidh ar aghaidh agus ní fios cé acu atá daoine ag insint na fírinne nó nach bhfuil.
- D’fhéadfadh daoine a bheith rachtúil.
- Sampla beag.
- D’fhéadfadh sé a bheith laofa.

**(c) Dhá dhúshlán a bhaineann leis an modheolaíocht** **8 marc**

| An chéad dúshlán: | | An dara dúshlán: | |
|---|---|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3 - 4M | Cur síos an-mhaith | 3 - 4M |
| Cur síos maith | 2M | Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 0 - 1M | Cur síos réasúnta | 0 - 1M |

- Daoine a aimsiú (cá bhfios dóibh gur aimsigh siad gach duine atá ina choladh amuigh?)
- D'fhéadfadh an cuardach a bheith míchruinn nuair a chuirtear an tíreolaíocht san áireamh.
- agus líon na ndaoine atá i gceist.
- easpa eolais ó na daoine atá ina gcodladh amuigh.
- Cá bhfios dúinn nár áiríodh an duine céanna níos mó ná uair amháin?

**(d) Cén aidhm atá le taighde seo an DRHE?** **4 mharc**

Is é aidhm an taighde i nDoiciméad B deimhniú a fháil faoin líon is lú daoine a chodlaíonn amuigh i réigiún Bhaile Átha Cliath ar an oíche áirithe agus cabhraíonn sé le pleanáil seirbhísí.

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3 - 4M |
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 0 - 1M |

**(e) An tairbhe a bhaineann leis na meáin a bheith ag tuairisciú torthaí taighde?** **4 mharc**

| | |
|---|---|
| Cur síos an-mhaith | 3 - 4M |
| Cur síos maith | 2M |
| Cur síos réasúnta | 0 - 1M |

- Tuilleadh feasachta i measc an phobail.
- Cuireann an rialtas faoi bhrú dul i ngleic ina bpolasaithe agus seirbhísí leis na cúiseanna atá le daoine a bheith gan dídean.
- Cabhraíonn leis na seirbhísí atá an cheana.
- Mura ndéantar tuairiscí ar an gceist ligfear i ndearmad í agus ní bheidh a fhios ag an bpobal mór cé chomh tromchúiseach is atá an fhadhb i ndáiríre.

**Ceist 4** **60 marc**

**(a) Easpa dídine agus cearta leanaí** **30 marc**

| | | |
|---|---|---|
| **Dhá phíosa eolais: 10 mharc (× 2)** | An-mhaith | 8 - 10M |
| | Go maith | 5 - 7M |
| | Réasúnta | 2 - 4M |
| | Lag | 0 - 1M |
| **Comhleanúnachas: 10 marc** | Freagra an-mhaith | 8 - 10M |
| | Freagra maith | 5 - 7M |
| | Freagra réasúnta | 2 - 4M |
| | Freagra lag | 0 - 1M |

**(b) Conradh sóisialta briste** **30 marc**

| | | |
|---|---|---|
| **Dhá phíosa eolais: 10 mharc (× 2)** | An-mhaith | 8 - 10M |
| | Go maith | 5 - 7M |
| | Réasúnta | 2 - 4M |
| | Lag | 0 - 1M |
| **Comhleanúnachas: 10 marc** | Freagra an-mhaith | 8 - 10M |
| | Freagra maith | 5 - 7M |
| | Freagra réasúnta | 2 - 4M |
| | Freagra lag | 0 - 1M |

## Roinn C

**An aiste dhioscúrsach a mharcáil:**

**1.** Léigh an aiste iomlán gan aon mharc a bhronnadh.

**2.** Marcáil an aiste agus tú ag baint leas as na critéir mharcála, agus suimigh na marcanna.

**3.** Athbhreithnigh an marc iomlán agus tú ag baint leas as tuairiscíní na ngrád.

**4.** Chun an marc iomlán a bheachtú, athbhreithnigh an aiste arís agus tú ag baint leas as na critéir.

# AISTE DHIOSCÚRSACH

| | An-mhaith | Go maith | Réasúnta | Lag |
|---|---|---|---|---|
| **Réamhrá (I)** | Téann i ngleic go díreach leis an gceist agus cuireann i gcomhthéacs é. | Téann i ngleic go réasúnta maith leis an gceist ach teorainn leis an gcur i gcomhthéacs. | Ní théann i ngleic ach go neamhchinnte leis an gceist gan aon chur i gcomhthéacs. | Gan ach breacthuiscint nó gan tuiscint ar bith ar an gceist. |
| **10 marc** | **9 - 10** | **7 - 8** | **4 - 6** | **0 - 3** |
| **Eolas (K)** | Aiste an-mhaith agus loighciúil bunaithe ar eolas agus ar thuiscint chuimsitheach ar an gceist.<br>Gan aon ní suntasach fágtha ar lár agus gan aon earráid shuntasach. | Aiste réasúnta bunaithe ar eolas bunúsach, gan ach tuiscint theoranta ar an gceist.<br>Mionrudaí fágtha ar lár agus mionearráidí ann. | An aiste trína chéile, bunaithe ar bhreacthuiscint ar an gceist.<br>Nithe móra fágtha ar lár agus earráidí móra ann. | Aiste lag nach léirítear inti ach beagán eolais ar an gceist nó gan aon eolas ar an gceist.<br>D'fhéadfadh an t-eolas a bheith mícheart nó ag teacht salach air féin. |
| **10 marc** | **9 - 10** | **7 - 8** | **4 - 6** | **0 - 3** |
| **Fianaise (E)** | Aithnítear agus ceistítear réimse leathan d'fhianaise ábhartha, údarásach, inchreidte. | Aithnítear agus ceistítear réimse maith fianaise ach braitheann barraíocht ar shonraí gan chruthú. | An fhianaise a chuirtear i láthair teoranta, simplíoch nó trína chéile, gan a bheith ábhartha don cheist ach sa bheag. | Gan ach beagán fianaise curtha i láthair nó gan fianaise ar bith; an fhianaise gan a bheith ábhartha don cheist. |
| **10 marc** | **9 - 10** | **7 - 8** | **4 - 6** | **0 - 3** |
| **Anailís & Sintéis (A)** | Argóint an-mhaith bunaithe ar anailís chriticiúil léirsteanach ar an bhfianaise. | Argóint mhaith bunaithe ar anailís bhunúsach ar an bhfianaise. | An argóint lochtach gan ach fianaise theoranta le hanailís agus le meastóireacht.<br>Gan ach breacanailís ann agus míchruinnis shuntasacha ann. | An argóint curtha le chéile go holc, trína chéile nó míloighciúil.<br>An anailís lag. |
| **5 mharc** | **5** | **4** | **3** | **0 - 2** |
| **Meastóireacht (V)** | Peirspictíochtaí agus dearcthaí inchomparáide / ailtéarnacha cónasctha go han-mhaith san argóint.<br>Déanann conclúidí an-mhaith, neamhspleácha & cosnaíonn a sheasamh féin go soiléir. | Peirspictíochtaí agus dearcthaí inchomparáide / ailtéarnacha cónasctha go maith san argóint.<br>Déanann conclúidí neamhspleácha & cosnaíonn a sheasamh féin go soiléir. | Na peirspictíochtaí agus na dearcthaí inchomparáide / ailtéarnacha teoranta.<br>Na conclúidí neamhspleácha teoranta & cosaint theoranta ar a sheasamh féin. | Gan peirspictíochtaí agus dearcthaí inchomparáide.<br>Gan conclúidí neamhspleácha & a sheasamh féin gan chosaint. |
| **5 mharc** | **5** | **4** | **3** | **0 - 2** |
| **Comhleanúnachas (C)** | Eagrú agus bainistiú na ndearcthaí agus na dtuairimí an-mhaith.<br>Fócas agus soiléire an-mhaith ó thús deireadh.<br>Struchtúr na haiste an-mhaith. | Eagrú agus bainistiú na smaointe bunúsach.<br>Struchtúr na haiste réasúnta maith. | Eagrú agus bainistiú na smaointe teoranta agus trína chéile.<br>Struchtúr na haiste lag. | An aiste gan struchtúr, eagrú, comhleanúnachas, fócas, comhthéacs agus soiléire. |
| **10 marc** | **9 - 10** | **7 - 8** | **4 - 6** | **0 - 3** |

# BANDAÍ NA nGRÁD SNA hAISTÍ

| G1<br>45 - 50 Marc | G2<br>44 - 40 Marc | G3<br>35 - 39 Marc | G4<br>30 - 34 Marc | G5<br>25 - 29 Marc | G6<br>20 - 24 Marc | G7<br>15 - 19 Marc | G8<br>0 - 14 Marc |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An freagra comhleanúnach dea-struchtúrtha, fianaise ábhartha, chruinn, éagsúil ag tacú leis & fianaise chomparáideach in úsáid.<br><br>Tuiscint shoiléir chuimsitheach ar riachtanais an taisc agus ar an topaic, & smaointeoireacht shoiléir neamhspleách.<br><br>Téitear i ngleic ar bhealach domhain leis an topaic.<br><br>Cosaint chuimsitheach ar na breithiúnais agus ar na conclúidí a chuirtear i láthair.<br><br>Léirítear mioneolas sa fhreagra seo, fianaise le gleic chriticiúil, léargas domhain, fócas géar, argóint shnoite, agus tá réimse fianaise agus foinsí mar thaca leis. | Fócas soiléir sa fhreagra ar an gceist a cuireadh.<br><br>Dea-struchtúr agus aontacht sna hargóintí, agus fianaise chruinn éagsúil ábhartha ann ag tacú leo.<br><br>Eagar an-mhaith ar na pointí agus argóint chomhleanúnach ann ina mbaintear leas as dearcthaí comparáideacha.<br><br>Téitear i ngleic go han-mhaith leis an topaic.<br><br>Cosaint an-réasúnta ar bhreithiúnais agus ar chonclúidí neamhspleácha. | Fócas soiléir sa fhreagra ar an gceist a cuireadh.<br><br>Tuiscint mhaith ar a n-éilítear sa cheist.<br><br>Fianaise chruinn ábhartha ag tacú leis na pointí, ar an iomlán.<br><br>Eagar maith ar na pointí agus argóint chomhleanúnach ann.<br><br>Fianaise ann go ndeachthas i ngleic leis an topaic, agus cosaint réasúnta ar na breithiúnais agus na conclúidí a chuirtear i láthair. | Léirítear tuiscint áirithe sa fhreagra ar riachtanais na ceiste.<br><br>Na pointí ábhartha, roinnt tagairtí agus samplaí bailí ann ag tacú leo.<br><br>D'fhéadfadh sé a bheith le brath, áfach, go seasann roinnt de na pointí astu féin gan a bheith fite fuaite in argóint aontaithe.<br><br>Roinnt breithiúnas agus conclúidí neamhspleácha curtha i láthair gan ach cosaint theoranta. | Léiríonn an freagra gur tuigeadh an cheist.<br><br>Gan ach eolas teoranta ar an gceist, pointí éiginnte sna freagraí gan ach fianaise theoranta ann atá ábhartha agus cuí.<br><br>Na pointí seo teoranta, áfach, agus ní fhorbraítear an fhianaise ina hargóint fhórsúil aontaithe.<br><br>Ní théitear i ngleic leis an topaic ach sa bheag agus, dá thoradh sin, na freagraí gan conclúid chónasctha neamhspleách. | Léiríonn an freagra gur tuigeadh an cheist – méid áirithe ar a laghad.<br><br>An freagra gan fócas soiléir & claonadh ann imeacht ón bpointe nó ó phointe go pointe.<br><br>Is minic achoimre agus athrá ann in ionad plé.<br><br>Gan ach eolas teoranta ar an gceist, gan mórán fianaise ann ag tacú leis na pointí a chuirtear i láthair.<br><br>Ní théitear i ngleic leis an topaic ach ar bhealach teoranta.<br><br>Na breithiúnais & na conclúidí a chuirtear i láthair éiginnte nó pearsanta, gan ach cosaint theoranta.<br><br>D'fhéadfadh sé gur ghá an freagra a athléamh leis an mbrí a aimsiú. | Léiríonn an freagra gur tuigeadh na ceisteanna méid áirithe agus nach bhfuil an fócas sa fhreagra go maith.<br><br>D'fhéadfadh roinnt pointí bailí a bheith sa fhreagra gan iad a bheith nasctha d'aon turas le hargóint a dhéanamh agus gan aon fhianaise a thacaíonn le haon cheann de na pointí.<br><br>Gan aon fhianaise go ndeachthas i ngleic leis an topaic.<br><br>Gan breithiúnas dá chuid féin ná conclúidí neamhspleácha déanta ag an iarrthóir ná aon chosaint déanta ar a thuairim nó ar a sheasamh féin. | Léiríonn an freagra gur beag a tuigeadh an cheist nó gur baineadh míthuiscint iomlán aisti.<br><br>Freagra an-lag gan ann, sa chuid is fearr de, ach blúirí eolais gan mórán pointí ábhartha nó gan aon phointe ábhartha.<br><br>Ní chuirtear argóintí ábhartha i láthair ná fianaise a thacaíonn le haon éileamh a dhéantar.<br><br>An freagra an-lag, gan fócas, agus cuirtear mearbhall ar an léitheoir.<br><br>D'fhéadfadh cuid de na pointí a bheith míchruinn ar fad nó gan aon bhaint acu leis an gceist. |

# TUAIRISC AR THIONSCADAL SAORÁNACHTA

**Réasúnaíocht agus taighde**

- Mínigh conas a chuaigh an fhoghlaim ón gcúrsa i bhfeidhm ar an topaic agus ar an gcur chuige a roghnaíodh. Cosain an gníomh a roghnaíodh i bhfianaise na smaointe a ndearnadh staidéar orthu le linn an chúrsa agus i bhfianaise gníomhartha eile a d'fhéadfaí a roghnú.
- Tabhair cuntas soiléir ar aidhmeanna an tionscadail saoránachta, ar na modhanna a roghnaíodh leis na haidhmeanna a bhaint amach agus ar an bplean gníomh. I gcás tionscadail ghrúpa, sonraigh aidhmeanna an ghrúpa sa tionscadal agus na haidhmeanna a bhí agat féin mar dhuine aonair chun do ról a chomhlíonadh.
- Tabhair achoimre ar an taighde a rinneadh agus cuir san áireamh príomhthorthaí (sonraí) an taighde a chuir bonn eolais faoin ngníomh.
- Luaigh na foinsí eolais a úsáideadh agus cinneadh á dhéanamh faoin tionscadal agus na foinsí a chuir bonn eolais faoin obair, e.g. ábhair ar an ngréasán domhanda, litríocht, agallaimh, agus foinsí eile. Déan cinnte de go dtugann tú na tagairtí iomlána sa rannóg le haghaidh *Tagairtí agus Leabharliosta* i gcúl na tuairisce.

**Cur i gcrích an tionscadail saoránachta**

- Tabhair achoimre ar na gníomhartha a rinneadh agus an tionscadal á chur i gcrích. I gcás tionscadail ghrúpa, bain úsáid as 'muid' agus 'mé' mar is cuí chun idirdhealú idir gníomhartha an ghrúpa agus do chuid gníomhartha féin.
- Déan anailís chriticiúil ar na gnéithe éagsúla den phlean gnímh agus cuir san áireamh dúshláin a bhí romhaibh agus conas a déileáladh leis na dúshláin sin.
- Déan cur síos ar thorthaí an tionscadail agus ar conas a chuaigh sé i bhfeidhm.

**Machnamh ar eolas a fuarthas agus ar scileanna a forbraíodh**

- Déan achoimre ar na príomhphointí eolais a fuarthas
- Sonraigh na scileanna a d'fhorbair tú, scileanna breithiúnais agus cinnteoireachta san áireamh, ó bheith páirteach sa tionscadal saoránachta, agus bíodh tagairt ar leith agat do bheith ag obair le daoine eile agus do bheith éifeachtach go pearsanta. Tabhair eolas ar leith faoi conas a forbraíodh na scileanna de thoradh do chuid oibre ar an tionscadal.
- Mínigh go hachomair conas a chabhraigh an machnamh, an t-aiseolas ó dhaoine eile agus an fhoghlaim ón gcúrsa leat an tionscadal a dhéanamh.

## ROINN A

**Réasúnaíocht** **15 mharc**

Ní mór iad seo a bheith san áireamh:

- Conas a chuaigh an fhoghlaim ón gcúrsa i bhfeidhm ar an gníomhaíocht a rinneadh
- Cosaint na gníomhaíochta a rinneadh
- Aidhmeanna an tionscadail saoránachta (grúpa / indibhidiúil)
- Plean gníomhaíochta ina leagtar amach na slite a roghnaíodh chun na haidhmeanna sin a bhaint amach

| | |
|---|---|
| An-mhaith | 12 - 15M |
| Go maith | 8 - 11M |
| Réasúnta | 4 - 7M |
| Lag | 1 - 3M |

**Taighde** **20 marc**

Ní mór iad seo a bheith san áireamh:

- Achoimre ar an taighde
- Fionnachtana an taighde
- Foinsí eolais agus tagairtí / leabharliosta (Féach lch 10 le haghaidh tagairtí & leabharliosta)

| | |
|---|---|
| An-mhaith | 16 - 20M |
| Go maith | 11 - 15M |
| Réasúnta | 6 - 10M |
| Lag | 1 - 5M |

## ROINN B

**Achoimre ar na gníomhartha a rinneadh (muid / mé)** **15 mharc**

| | |
|---|---|
| An-mhaith | 12 - 15M |
| Go maith | 8 - 11M |
| Réasúnta | 4 - 7M |
| Lag | 1 - 3M |

**Anailís chriticiúil ar an bplean gníomhaíochta** **15 mharc**

| | |
|---|---|
| An-mhaith | 12 - 15M |
| Go maith | 8 - 11M |
| Réasúnta | 4 - 7M |
| Lag | 1 - 3M |

**Torthaí agus éifeacht an tionscadail** **15 mharc**

| | |
|---|---|
| An-mhaith | 12 - 15M |
| Go maith | 8 - 11M |
| Réasúnta | 4 - 7M |
| Lag | 1 - 3M |

## ROINN C

**Achoimre ar na príomhphointí eolais** **4 mharc**

| | |
|---|---|
| An-mhaith | 4M |
| Go maith | 3M |
| Réasúnta | 2M |
| Lag | 1M |

**Scileanna** **4 mharc**

| | |
|---|---|
| An-mhaith | 4M |
| Go maith | 3M |
| Réasúnta | 2M |
| Lag | 1M |

**Ról an mhachnaimh agus an aiseolais agus na foghlama ón gcúrsa** **12 mharc**

| | |
|---|---|
| An-mhaith | 10 - 12M |
| Go maith | 7 - 9M |
| Réasúnta | 4 - 6M |
| Lag | 1 - 3M |